# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 2023**

# CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH- TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 (A nó B) amháin** a fhreagairt NÓ **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheist díobh a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| ROINN 1 (120 Marc) |
| --- |
| Freagair **Ceist 1(A)** NÓ **1(B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile |

**1. (A) Cuntais Deiridh Trádálaí Aonair**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Emma Ní Chróinín, trádálaí aonair, mar a bhí ar 31/12/2022:

| | € | € |
| --- | --- | --- |
| Veaineanna seachadta de réir a gcostas | 72,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 26,000 |
| Foirgnimh | 550,000 | |
| Trelamh oifige (costas €35,000) | 16,000 | |
| Paitinní | 32,600 | |
| Tarraingtí | 15,200 | |
| Caipiteal 01/01/2022 | | 280,000 |
| Creidiúnaithe | | 28,400 |
| Féichiúnaithe | 36,400 | |
| Díolacháin | | 574,000 |
| Ceannacháin | 191,000 | |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | | 12,700 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 19,500 | |
| Stoc 01/01/2022 | 31,700 | |
| Stáiseanóireacht | 4,300 | |
| Lascaine faighte | | 3,900 |
| Speansais ghinearálta | 3,600 | |
| Pá agus tuarastal | 122,000 | |
| Fógraíocht | 10,900 | |
| Árachas | 13,200 | |
| Iasacht théarmach (a fuarthas ar 01/04/2022) | | 120,000 |
| Ús iasachta íochta | 1,500 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,200 |
| CBL | | 20,500 |
| ÁSPC & MSU | | 18,600 |
| Banc | 44,700 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2022 | | 76,300 |
| | 1,164,600 | 1,164,600 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc le hathdhíol ar 31/12/2022, €22,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2022, €1,200.

(iii) Fógraíocht atá dlite ar 31/12/2022, €400.

(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús atá dlite ar an iasacht.
Is é an ráta úis 8% in aghaidh na bliana.

(v) San áireamh san árachas tá seic €800 d'árachas charr príobháideach Emma Ní Chróinín.

(vi) Baineann árachas leis an mbliain dar críoch 31/03/2023.

(vii) Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 5% de na féichiúnaithe.

(viii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% dá gcostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach glan de réir na leabhar |
| Trealamh | 15% dá chostas. |

.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2022. (40)

**(120 marc)**

**1. (B) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair de Bhailís Teo mar a bhí ar 31/12/2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 975,000 gnáthscair de €1 an ceann<br>Eisithe - 570,000 gnáthscair de €1 an ceann | | 570,000 |
| Veaineanna seachadta de réir a gcostas | 95,000 | |
| Foirgnimh | 720,000 | |
| Trealamh oifige | 70,000 | |
| Paitinní | 76,400 | |
| Dímheas carntha – foirgnimh | | 45,000 |
| Dímheas carntha – trealamh oifige | | 13,000 |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2022) | 73,500 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2022) | 1,800 | |
| Fógraíocht | 13,400 | |
| Stáiseanóireacht | 4,200 | |
| Ceannacháin | 435,000 | |
| Díolacháin | | 765,000 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 22,700 | |
| Creidiúnaithe | | 81,100 |
| Féichiúnaithe | 96,300 | |
| CBL | | 18,900 |
| Solas agus teas | 10,600 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,300 |
| Táillí stiúrthóirí | 27,200 | |
| Bintiúir 10% (eisithe an 01/04/2022) | | 90,000 |
| Ús bintiúir | 4,100 | |
| Banc | | 15,700 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2022 | | 71,800 |
| Cíos agus rátaí | 25,800 | |
| Árachas | 17,500 | |
| Coimisiún | | 18,700 |
| | 1,693,500 | 1,693,500 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:**

(i) Stoc na n-earraí le hathdhíol ar 31/12/2022, €55,800.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2022, €1,400.

(iii) Baineann árachas leis an mbliain dar críoch 31/03/2023.

(iv) Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 4% de na féichiúnaithe.

(v) Coimisiún infhaighte atá dlite ar 31/12/2022, €1,500

(vi) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | - 2% dá chostas |
| Trealamh oifige | - 15% dá luach glan de réir na leabhar |
| Veaineanna seachadta | - 10% dá gcostas. |

(vii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite ar 31/12/2022.

(viii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide, €24,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2022. (40)

**(120 marc)**

**2. Cuntais Ghnólachta Seirbhíse**

Seo a leanas sócmhainní agus dliteanais Shiobhán Uí Néill, dochtúir, ar 01/01/2022.

Áitreabh €450,000, troscán €30,500, mótarfheithiclí €48,400, airgead ar láimh €32,000, trealamh liachta ar chostas €36,000, suimeanna dlite ó othair phríobháideacha €2,600, solas agus teas dlite €750, suimeanna dlite ó scéimeanna na gcártaí leighis €8,300, dímheas trealaimh liachta €3,600, árachas réamhíoctha €300.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Caipiteal** an Dochtúir Uí Néill ar 01/01/2022 a ríomh. (20)

Baineadh na sonraí seo a leanas óna taifid ar 31/12/2022:

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Táillí othar príobháideach | 144,400 | Soláthairtí liachta | 14,200 |
| Scéim cárta leighis | 193,500 | Solas agus teas | 3,100 |
| | | Teileafón agus leathanbhanda | 2,200 |
| | | Pá foirne oifige | 26,400 |
| | | Irisí | 350 |
| | | Árachas | 3,700 |
| | | Deisiúcháin agus cothabháil | 5,400 |
| | | Speansais mhótair | 1,800 |
| | | Táillí dochtúra ionaid | 20,100 |

Ba chóir an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh ar 31/12/2022:

(i) Suimeanna dlite ó scéim na gcártaí leighis, €2,400.

(ii) Solas agus teas dlite, €280.

(iii) Pá fhoireann na hoifige atá dlite, €500.

(iv) Ba mhaith leis an Dochtúir Uí Néill an trealamh liachta a dhímheas de 10% dá chostas agus mótarfheithiclí a dhímheas de 15% dá gcostas.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** an Dochtúir Uí Néill a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (40)

**(60 marc)**

**3. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair Chléirigh Teo:

| | |
|---|---|
| 01/01/2021 | Foirgnimh ar a gcostas, €750,000. |
| 01/01/2021 | Ba é an t-iarmhéid sa soláthar don chuntas dímheasa ná €149,000. |
| 01/06/2021 | Cheannaigh foirgneamh ar €335,000. |
| 01/07/2021 | Dhíol foirgneamh ar €104,000 a chosain €175,000. Ba é an luach de réir na leabhar ar an bhfoirgneamh sin ar 01/07/2021 ná €97,000. |
| 31/12/2021 | Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar críoch 31/12/2021 ná €58,000. |
| 01/01/2022 | Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €1,200,000. |
| 31/12/2022 | Déan soláthar do dhímheas ag an ráta 6% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2022. |

**Iarrtar ort a thaispeáint**:

**(a)** **Cuntas na bhfoirgneamh** don dá bhliain **2021** agus **2022**. (15)

**(b)** An **cuntas soláthair in aghaidh dímheasa** don dá bhliain **2021** agus **2022**. (20)

**(c)** **Cuntas dhiúscairt na bhfoirgneamh** don bhliain dar críoch **31/12/2021**. (15)

**(d)** An **cuntas cúlchiste athluachála**. (10)

**(60 marc)**

**4. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair Thoirdealbhaigh Uí Bheacháin le linn mhí Eanáir 2023:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2023 dr | 92,700 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2023 sr | 2,100 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2023 sr | 51,100 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2023 dr | 680 |
| Aischuir amach (aischuir ceannacháin) | 2,400 |
| Lascaine a lamháladh | 1,750 |
| Lascaine faighte | 2,200 |
| Díolacháin (lena n-áirítear díolacháin airgid €14,100) | 164,100 |
| Ceannacháin (lena n-áirítear ceannacháin airgid €17,200) | 177,200 |
| Seiceanna a íocadh le soláthróirí | 65,900 |
| Seiceanna a fuarthas ó chustaiméirí | 110,500 |
| Drochfhaicha a díscríobh | 1,800 |
| Aistriú ó mhórleabhar na bhféichiúnaithe chuig mórleabhar na gcreidiúnaithe | 2,700 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 4,300 |
| Billí iníoctha a glactha | 8,800 |
| Billí infaighte eisithe | 19,500 |
| Lascaine dícheadaithe do Thoirdealbhach Uí Bheacháin | 900 |
| Seiceanna a fuarthas agus a obadh | 3,300 |
| Ús a ghearr Toirdealbhach Uí Bheacháin ar chuntais dlite thar téarma | 1,400 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 31/01/2023 | 1,850 sr |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 31/01/2023 | 760 dr |

**Iarrtar ort a ullmhú do mhí Eanáir 2023:**

**(a)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na bhféichiúnaithe. (30)

**(b)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe. (30)

**(60 marc)**

Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 10

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist

**5. Léirmhíniú Cuntas**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Riain Teo don bhliain dar críoch 31/12/2022:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch an 31/12/2022**

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 675,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2022 | | 115,000 | |
| Móide: ceannacháin chreidmheasa | | 420,000 | |
| | | 535,000 | |
| Lúide: stoc 31/12/2022 | | 85,000 | |
| Costas díolachán | | | 450,000 |
| Ollbhrabús | | | ??????? |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 130,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 95,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2022**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 650,000 | 65,000 | 585,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (lena n-áirítear féichiúnaithe trádála €55,000) | | 175,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 95,000 | |
| | | | 80,000 |
| | | | 665,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 6% (2028 urraithe) | | | 250,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 500,000 | 320,000 | 320,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 95,000 |
| | | | 665,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha, de réir mar is cuí).

(i) An céatadán marcála suas ar chostas.

(ii) An toradh ar chaipiteal a úsáideadh.

(iii) An tréimhse chreidmheasa a tugadh d'fhéichiúnaithe ina míonna nó ina laethanta.

(iv) Corrlach an ghlanbhrabúis. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus **luaigh an tslí a mbaineann siad le cuntais Uí Riain Teo,** de réir mar is cuí:

(i) Féichiúnaithe trádála.

(ii) Bintiúir 6%, 2028 urraithe.

(iii) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe .

(iv) Cistí scairshealbhóirí. (40)

**(c)** (i) Ríomh an cóimheas fíorthástála don bhliain **2022** (go 2 ionad dheachúlacha).

(ii) Cad a léiríonn an cóimheas dúinn faoi leachtacht Uí Riain Teo? (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid i gcás Uí Riain Teo in **2021** ná 13%.

Déan trácht ar bhrabúsacht Uí Riain Teo. don bhliain **2022**. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic an Fhailghigh Teo:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2022** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 155,400 |
| Ús íoctha | (16,800) |
| | 138,600 |
| Cánachas | (38,000) |
| | 100,600 |
| Dibhinní íoctha | (55,000) |
| Brabús coinnithe | 45,600 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais ar 01/01/2022 | 44,400 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais ar 31/12/2022 | 90,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2022** | | **31/12/2021** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 750,000 | | 610,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (110,000) | 640,000 | (88,000) | 522,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 114,000 | | 93,000 | |
| Féichiúnaithe | 84,000 | | 54,000 | |
| Banc | 76,000 | | 42,000 | |
| | 274,000 | | 189,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 61,000 | | 52,600 | |
| Cánachas | 38,000 | | 24,000 | |
| | (99,000) | | (76,600) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 175,000 | | 112,400 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 815,000 | | 634,400 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 8% | | 210,000 | | 150,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scaircaipiteal eisithe | | 480,000 | | 440,000 |
| Scairbhiseach | | 35,000 | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 90,000 | | 44,400 |
| | | 815,000 | | 634,400 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú do Mhic an Fhailghigh Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2022 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Tortadh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cánachas
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú (60)

**(c)** An glansreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (10)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Feirme**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair mhuintir Mhic Giolla an Átha a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu ar 31/12/2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh | 850,000 | |
| Foirgnimh feirme (costas €290,000) | 260,000 | |
| Innealra (costas €85,000) | 66,000 | |
| Stoic 01/01/2022: Eallaigh | 98,000 | |
| Síolta gráin | 1,200 | |
| Leasachán | 5,700 | |
| Bia ainmhithe | 12,800 | |
| Ceannacháin: Eallaigh | 33,000 | |
| Síolta gráin | 12,100 | |
| Leasachán | 36,700 | |
| Bia ainmhithe | 29,000 | |
| Leictreachas | 11,400 | |
| Táillí tréidliachta | 3,900 | |
| Pá feirme | 48,200 | |
| Deisiúcháin ar innealra | 7,500 | |
| Iasacht 10% ón mBanc (01/01/2022) | | 180,000 |
| Ús iasachta | 12,000 | |
| Díolachán : Gráin | | 34,800 |
| Bainne | | 114,650 |
| Eallaigh | | 26,800 |
| Banc | 10,950 | |
| Caipiteal | | 1,122,000 |
| Scéim íocaíochta bunúsaí | | 42,200 |
| Tarraingtí airgid | 22,000 | |
| | 1,520,450 | 1,520,450 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil:

(i) Stoc deiridh 31/12/2022:
**Luach an Eallaigh:** €105,000; **Luach an Leasacháin**: €3,700; **Luach Bia na nAinmhithe**: €8,900.

(ii) Tá an scéim íocaíochta bunúsaí le roinnt go cothrom idir an dá fhiontar.

(iii) Pá feirme, deisiúcháin agus leasachán, le leithdháileadh idir an dá fhiontar sa cóimheas: Eallach agus bainne 60%, Gráin 40%.

(iii) Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana, €1,950.

(iv) Tá dímheas le soláthar mar seo a leanas foirgnimh feirme 2% dá gcostas; Innealra 10% dá chostas.

**Iarrtar ort:**

**(a)** (i) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú do '**Eallach/Bainne**' don bhliain dar críoch 31/12/2022.
(ii) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú do '**Gráin'** don bhliain dar críoch 31/ 12/2022. (40)

**(b)** **Cuntas ginearálta brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (25)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/22. (35)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Ionsúcháin**

Is cuideachta déantúsaíochta í Ó Fathaigh Teo, a bhfuil dhá roinn aici arb iad táirgeadh agus seirbhísiú.

Is mar seo a leanas atá na forchostais bhuiséadaithe don dá roinn don bhliain seo chugainn:

| | € | € |
|---|---|---|
| **Roinn** | **Seasta** | **Athraitheach** |
| Táirgeadh | 45,000 | 18,000 |
| Seirbhísiú | 11,000 | 16,000 |

Is mar seo a leanas a dhéanann Ó Fathaigh Teo. na huaireanta saothair dhírigh a mheas (a bhuiséadú) do gach roinn don bhliain seo chugainn:

| **Roinn** | **Uaireanta de shaothar díreach** |
|---|---|
| Táirgeadh | 9,000 uair an chloig |
| Seirbhísiú | 5,000 uair an chloig |

**(a)** Ríomh **an ráta ionsúite forchostais** (**seasta agus athraitheach** araon) do gach roinn bunaithe ar **uaireanta de shaothar díreach**.

**(b)** Is mar a leanas atá sonraí **Jab Uimh. 1977** de chuid custaiméara:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €2,750 |
| Saothar díreach | €1,275 |
| Uaireanta i dtáirgiú | 8 uair |
| Uaireanta i seirbhísiú | 5 uair |

Ríomh an **costas iomlán** ar **Jab Uimh. 1977**

**(c)** Ríomh an **praghas díola** do **Jab uimh. 1977** más é 20% an mharcáil suas ar chostas.

**(d)** Luaigh **dhá** chúis ar gá do ghnólacht costphraghas táirge a ríomh.

**(80 marc)**

**9.** **Buiséadú Táirgí**

Déanann Fonn Fuaime Teo. dhá chineál barra fuaime ar a dtugtar **'Fearas Bluetooth'** agus **'Fearas Sreinge'**. Tá díolacháin an dá chineál barra fuaime agus eolas ábhartha eile don bhliain seo chugainn buiséadaithe thíos:

| | **Fearas Bluetooth** | **Fearas Sreinge** |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe in aonaid | 3,500 | 4,100 |
| Praghas díola ionchasach | €75 | €99 |

| **Stoc ionchasach – Earraí Críochnaithe** | **Fearas Bluetooth** | **Fearas Sreinge** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh in aonaid | 750 | 430 |
| Stoc Deiridh in aonaid | 680 | 390 |

| **Méid ábhair agus Costas** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
|---|---|---|
| Fearas Bluetooth | 2 Kg | 4 Kg |
| Fearas Sreinge | 4 Kg | 3 Kg |
| Praghas ceannaigh ionchasach in aghaidh an Kg | €2 | €3 |

| **Stoc Ionchasach – Amhábhair** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 170 Kg | 240 Kg |
| Stoc deiridh | 230 Kg | 310 Kg |

| **Am an tSaothair Dhírigh in uaireanta an chloig** | |
|---|---|
| Fearas Bluetooth | 2 uair an chloig |
| Fearas Sreinge | 3 uair an chloig |

| | |
|---|---|
| **Ráta an tsaothair dhírigh in aghaidh na huaire** | €12 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad díolachán a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(b)** Buiséad **táirgthe** a ullmhú ina aonaid.

**(c)** Buiséad **úsáid ábhair** a ullmhú ina Kg.

**(d)** Buiséad **ceannacháin ábhair** a ullmhú ina **Kg** agus ina **€**.

**(e)** Buiséad **saothair** (pá) a ullmhú.

**(f)** **Cén fáth** a n-ullmhódh Fonn Fuaime Teo buiséad táirgthe? **(80 marc)**